C/2024/5438

5.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11577 - EIFFAGE / EQOS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5438)

1. An 28 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Eiffage Energie Systems, S.A. ('EES', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Eiffage S.A. ('Eiffage', an Fhrainc)

— EQOS Energie Deutschland GmbH ('EQOS', an Ghearmáin').

Gheobhaidh EES, agus i ndeireadh na dála Eiffage, rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar EQOS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnóthas Francach é EES a sholáthraíonn réitigh fuinnimh, mar shampla córais agus saoráidí deartha, tógála, oibrithe agus cothabhála in earnálacha amhail earnáil an leictreachais, earnálacha na hinnealtóireachta tionsclaíche agus fuinnimh agus téimh, agus earnáil na haerála agus an aerchóiriúcháin. Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Eiffage é EES, agus tá Eiffage féin ina mháthairghnóthas ar ghrúpa ilnáisiúnta Francach atá gníomhach in earnálacha na tógála agus na lamháltas agus a oibríonn na réimeanna gnó seo a leanas: (i) an tógáil; (ii) an bonneagar; (iii) lamháltais; agus (iv) córais fuinnimh.

— Is grúpa ilnáisiúnta é EQOS atá bunaithe sa Ghearmáin agus is speisialtóir é i dtógáil, i gcothabháil agus in optamú réiteach bonneagair a bhaineann le hearnálacha na teicneolaíochta iarnróid, na tógála línte cumhachta lastuas, an fuinnimh, na cumarsáide, na teicneolaíochta tionsclaíche agus na hinnealtóireachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11577 - EIFFAGE / EQOS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').